2025/401

24.2.2025

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE (AE) 2025/401

an 24 Feabhra 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/397 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/386/CBES a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meitheamh 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ([2]).

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 692/2014, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 24 Feabhra 2025 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/397, lena leasaítear Cinneadh 2014/386/CBES.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2025/397 cuirtear toirmeasc, faoi réir eisceachtaí áirithe, ar nótaí bainc arna n-ainmniú in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit a sholáthar don Chrimé agus do Sevastopol.

(5) Le Cinneadh (CBES) 2025/397 cuirtear srian le hearraí agus teicneolaíocht áirithe a onnmhairiú chuig an gCrimé agus Sevastopol, ar earraí agus teicneolaíocht iad a shriantar freisin le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ([4]).

(6) Le Cinneadh (CBES) 2025/397 cuirtear toirmeasc ar sheirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta, leabharchoimeádta, comhairliúcháin chánach, comhairliúcháin ghnó agus bhainistíochta, caidrimh phoiblí, ailtireachta, innealtóireachta, comhairleacha dlí, comhairliúcháin TF, taighde margaidh agus pobalbhreitheanna, tástála teicniúla agus anailíse agus fógraíochta a sholáthar don Chrimé agus do Sevastopol. Cuirtear toirmeasc leis freisin ar bhogearraí áirithe a sholáthar don Chrimé agus do Sevastopol chun fiontair agus bogearraí le haghaidh dearadh tionsclaíoch agus monarú tionsclaíoch a bhainistiú, agus ar bhogearraí a bhaineann le cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála.

(7) Chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, chun dul timpeall a chosc agus chun forfheidhmiú na mbeart sriantach a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 a neartú, chomh maith le hoibreoirí an Aontais a chosaint, is iomchuí roinnt forálacha cothrománacha a thabhairt isteach agus foclaíocht forálacha áirithe atá ann cheana a leasú.

(8) Chun ailíniú le léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-72/11 ([5]) a áirithiú, le Cinneadh (CBES) 2025/397 leasaítear an fhoráil lena gcuirtear toirmeasc ar dhul timpeall chun a shoiléiriú go gcomhlíontar ceanglais an eolais agus na hintinne, ní hamháin i gcás ina lorgaíonn duine d'aon turas an cuspóir nó an éifeacht a bhaineann le dul timpeall ar bhearta sriantacha ach freisin i gcás ina bhfuil duine atá rannpháirteach i ngníomhaíocht a bhfuil sé mar aidhm nó mar éifeacht aici dul timpeall ar bhearta sriantacha ar an eolas go bhféadfadh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ag an rannpháirtíocht sin, agus ina nglacann sé leis an bhféidearthacht sin.

([1]) IO L, 2025/397, 24.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/397/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/692/oj).
([3]) Cinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/386/oj).
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).
([5]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 21 Nollaig 2011, *Criminal proceedings against Mohsen Afrasiabi and Others*, C-72/11, ECLI:EU:C:2011:874, mír 67.

(9) Níl feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ach amháin laistigh de na teorainneacha dlínse a shainítear in Airteagal 13 de. Ag an am céanna, má tá oibreoirí an Aontais in ann tionchar cinntitheach a dhearbhú go héifeachtach ar iompar duine dlisteanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe lasmuigh den Aontas, féadfaidh siad freagracht a thabhú as gníomhaíochtaí an duine dhlísteanaigh, eintitis nó comhlachta sin a bhaineann an bonn de na bearta sriantacha agus ba cheart dóibh a dtionchar a úsáid chun cosc a chur ar na gníomhaíochtaí sin.

(10) Is féidir tionchar den sórt sin eascairt as úinéireacht nó rialú ar an duine dlisteanach, eintiteas nó comhlacht. Ciallaíonn úinéireacht 50 % nó níos mó de chearta dílseánaigh an duine dlisteanach, eintitis nó comhlachta a bheith i seilbh an eintitis, nó leas tromlaigh a bheith aige ann. Áirítear an méid a leanas ar na ngnéithe a léiríonn rialú: an ceart nó an chumhacht tromlach de chomhaltaí an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta a cheapadh nó a chur as oifig; an ceart chun sócmhainní uile an duine dhlisteanaigh, eintitis nó comhlachta, nó cuid díobh, a úsáid; gnó an eintitis a bhainistiú ar bhonn aontaithe, agus cuntais chomhdhlúite á bhfoilsiú ag an am céanna; nó an ceart chun tionchar ceannasach a fheidhmiú ar an duine dlisteanach, eintiteas nó comhlacht.

(11) Is iomchuí a cheangal ar oibreoirí an Aontais a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú nach nglacfaidh daoine dlistenacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil úinéireacht nó rialú acu orthu páirt i ngníomhaíochtaí a chuireann bac ar na bearta sriantacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí den sórt sin gníomhaíochtaí a bhfuil mar thoradh orthu go bhféachtar leis na bearta sriantacha sin le cosc a chur, mar shampla, ar fhaighteoir sa Rúis earraí, teicneolaíocht, maoiniú nó seirbhísí de chineál atá faoi réir toirmisc faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a fháil.

(12) Ba cheart a thuiscint gurb é atá sna hiarrachtaí is fearr na gníomhaíochtaí uile atá oiriúnach agus riachtanach chun an toradh a bhaint amach maidir leis an mbonn a bhaint de na bearta sriantacha i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a chosc. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, mar shampla, cur chun feidhme beartas, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí chun rioscaí a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach, agus tosca ar nós an tríú tír bhunaíochta, na hearnála gnó agus cineáil gníomhaíochta an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta atá faoi úinéireacht nó faoi rialú oibreoir an Aontais á gcur san áireamh. San am céanna, ba cheart a thuiscint nach gcuimsíonn na hiarrachtaí is fearr ach gníomhaíochtaí atá indéanta d'oibreoir an Aontais i bhfianaise a chineáil, a mhéide agus na n-imthosca fíorasacha ábhartha, go háirithe méid an rialaithe éifeachtaigh ar an duine dlítheanach, ar an eintiteas nó ar an gcomhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas. Áirítear ar na himthosca sin an cás nach féidir le hoibreoir an Aontais, ar chúiseanna dosheachanta, ar nós reachtaíocht tríú tír, rialú a fheidhmiú ar dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar leis é.

(13) D'fhonn feasacht a mhéadú maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, is iomchuí go dtuairisceoidh na Ballstáit faoi na pionóis a fhorchuirtear i leith sáruithe ar na bearta sriantacha.

(14) I gcás ina nochtann duine nádúrtha nó dlítheanach sárú ar na bearta sriantacha sin go deonach, go hiomlán agus in am trátha, ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta a bheith in ann an féin-nochtadh sin a chur san áireamh agus pionóis á gcur i bhfeidhm acu, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta riaracháin nó le dlí náisiúnta ábhartha eile nó le rialacha náisiúnta ábhartha eile. Tá na na bearta sin arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Threoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus tá feidhm ag na ceanglais atá inti maidir le himthosca maolaitheacha.

(15) Is iomchuí a shoiléiriú nach féidir an chosaint i gcoinne dliteanais a thugtar d'oibreoirí an Aontais mura raibh a fhios acu, agus mura raibh aon chúis réasúnach acu amhras a bheith orthu, go sáródh a ngníomhaíochtaí bearta sriantacha an Aontais a agairt i gcás inar mhainnigh oibreoirí an Aontais dícheall cuí iomchuí a dhéanamh. Is iomchuí faisnéis phoiblí nó faisnéis atá ar fáil go héasca a chur san áireamh go cuí agus an dícheall cuí sin á dhéanamh. Dá bhrí sin, mar shampla, ní féidir le hoibreoir an Aontais an chosaint sin a agairt go rathúil nuair a chuirtear ina leith gur sháraigh sé na bearta sriantacha ábhartha toisc nach ndearna sé seiceálacha nó cigireachtaí simplí.

(16) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 692/2010 a leasú dá réir,

([6]) Treoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673 (IO L, 2024/1226, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1226/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

1. Toirmeascfar an méid seo a leanas:

(a) earraí de thionscnamh na Crimé nó Sevastopol a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais chomh maith le hárachas agus athárachas a bhaineann le hallmhairiú na n-earraí dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hearraí de thionscnamh na Crimé nó Sevastopol a cuireadh ar fáil d'údaráis na hÚcráine lena scrúdú, a ndearnadh comhlíonadh na gcoinníollacha lena dtugtar teidlíocht do thionscnamh fabhrach a fhíorú ina leith agus ar eisíodh deimhniú tionscnaimh ina leith i gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile.';

(2) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'*Airteagal 2aa*

1. Nótaí bainc arna n-ainmniú in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú chuig an gCrimé nó Sevastopol, nó chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Chrimé nó in Sevastopol, nó lena n-úsáid sa Chrimé nó in Sevastopol.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le nótaí bainc a ainmnítear in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit den Aontais a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar choinníoll go bhfuil gá leis an díol, an soláthar, an aistriú nó an onnmhairiú sin le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(a) úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal go dtí an Chrimé nó Sevastopol nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal leo;

(b) cuspóirí oifigiúla eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus atá lonnaithe sa Chrimé nó in Sevastopol; nó

(c) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta agus na meán a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Chrimé nó in Sevastopol agus a fhaigheann cistiú poiblí ón Aontas, ó na Ballstáit, nó ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V.';

(3) leasaítear Airteagal 2b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Earraí agus teicneolaíocht, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach:

(a) d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Chrimé nó in Sevastopol, nó

(b) lena n-úsáid sa Chrimé nó in Sevastopol.

1a. Cuimseofar in Iarscríbhinn II earraí agus teicneolaíochtaí áirithe atá oiriúnach lena n-úsáid sna príomhearnálacha seo a leanas:

(i) iompar;

(ii) teileachumarsáid;

(iii) fuinneamh;

(iv) sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh ola, gáis agus acmhainní mianracha.';

(b) scriostar míreanna 3 agus 4;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2c:

'*Airteagal 2c*

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta, lena n-áirítear seirbhísí iniúchóireachta reachtúla, seirbhísí leabharchoimeádta nó seirbhísí comhairliúcháin cánach, nó seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Chrimé nó in Sevastopol.

2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí tógála, ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Chrimé nó in Sevastopol.

2a. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna, seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse agus seirbhísí fógraíochta a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Chrimé nó in Sevastopol.

2b. Beidh toirmeasc ar bhogearraí chun fiontair agus bogearraí le haghaidh dearadh agus monarú tionsclaíoch a bhainistiú, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú, nó a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Chrimé nó in Sevastopol.

3. Toirmeascfar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, ar seirbhísí iad a bhaineann go díreach le bonneagar sa Chrimé nó in Sevastopol, sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 2b(1), gan beann ar thionscnamh na n-earraí agus na teicneolaíochta;

(b) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 2a agus 2b chun iad a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Chrimé nó in Sevastopol;

(c) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 2a agus 2b chun iad a sholáthar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí sa Chrimé nó in Sevastopol;

(d) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó d'aon ábhar nó faisnéis ar rúin trádála iad a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 2b agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na mbogearraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Chrimé nó i Sevastopol nó lena n-úsáid sa Chrimé nó i Sevastopol.

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus a 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú ná an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle (*).

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2, 2a ná 2b maidir le díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú, nó soláthar seirbhísí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

7. De mhaolú ar mhír 2b, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na seirbhísí sin chun críche rannchuidiú náisiúnaigh de chuid na hÚcráine le tionscadail idirnáisiúnta foinse oscailte.

8. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2, 2a, 2b agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú nó soláthar na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun críoch daonnúil, amhail seachadadh a dhéanamh nó seachadadh a éascú i ndáil le cúnamh, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar, nó i gcás aslonnaithe;

(b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Chrimé nó in Sevastopol;

(c) feidhmiú misean eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus atá lonnaithe sa Chrimé nó in Sevastopol;

(d) soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas agus tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas;

(e) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí a áirithiú, ar bogearraí iad atá ríthábhachtach do shláinte agus do shábháilteacht an duine, nó do shábháilteacht an chomhshaoil;

(f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí núicléacha sibhialtaa chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le haghaidh comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(g) soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí ag oibreoirí teileachumarsáide de chuid an Aontais, ar seirbhísí iad a bhfuil gá leo le haghaidh oibriú, chothabháil agus shlándáil na seirbhísí cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear cibearshlándáil, san Úcráin, san Aontas, idir an Úcráin agus an tAontas, agus le haghaidh seirbhísí lárionaid sonraí san Aontas.

9. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 7 agus 8 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).';

(5) scriostar Airteagal 2d(4);

(6) in Airteagal 2e(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) is gá chun críocha oifigiúla eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus atá lonnaithe sa Chrimé nó in Sevastopol;';

(7) scriostar Airteagal 3;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar thoirmisc sa Rialachán seo, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin gan an cuspóir ná an éifeacht sin a lorg d'aon ghnó ach a bheith ar an eolas go bhféadfadh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ag an rannpháirtíocht agus glacadh leis an bhféidearthacht sin.';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(1):

'1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ar ráthaíocht nó ar shlánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é gur ceann de na páirtithe seo a leanas a dhéanann an t-éileamh:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014;

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a ndearnadh cinneadh eadrána, breithiúnach nó riaracháin é a bheith tar éis sárú a dhéanamh ar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo;

(c) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, má bhaineann an t-éileamh le hearraí a bhfuil a n-allmhairiú toirmiscthe faoi Airteagal 2;

(d) aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Chrimé nó in Sevastopol;

(e) aon duine Rúiseach, eintiteas Rúiseach nó comhlacht Rúiseach;

(f) aon duine, eintiteas nó comhlacht a ghníomhaíonn trí bhíthin nó thar ceann duine de na daoine, nó ceann amháin de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) den mhír seo.';

(10) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

'*Airteagal 6a*

Aon duine dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (c) nó (d), beidh sé i dteideal, in imeachtaí breithiúnacha roimh chúirteanna inniúla Ballstáit, aon damáiste díreach nó indíreach a aisghabháil, lena n-áirítear costais dlí, a thabhaigh an duine sin nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá faoin úinéireacht nó rialú an duine dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (d), mar thoradh ar éilimh a thaisc daoine, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (a) go (f), le cúirteanna i dtríú tíortha, i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndearnadh difear dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, ar choinníoll nach bhfuil rochtain éifeachtach ag an duine lena mbaineann ar na leigheasanna faoin dlínse ábhartha. Féadfar damáistí den sórt sin a aisghabháil ó na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (a) go (f), a thaisc na héilimh leis na cúirteanna sa tríú tír, nó ó dhaoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo na heintitis nó na comhlachtaí sin nó a bhfuil na heintitis nó na comhlachtaí sin faoina rialú acu.

Airteagal 6b

I gcás nach bhfuil dlínse ag aon chúirt de chuid Ballstáit de bhun forálacha eile de dhlí an Aontais nó de dhlí Ballstáit, féadfaidh cúirt de chuid Ballstáit, ar bhonn eisceachtúil, éileamh ar dhamáistí arna dtabhairt de bhun Airteagal 6a a éisteacht, ar choinníoll go bhfuil nasc leordhóthanach ag an gcás le Ballstát na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair.';

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

'*Airteagal 7*

1. Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún a chéile ar an eolas faoi na bearta a dhéantar faoin Rialachán seo agus roinnfidh siad aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh i ndáil leis an Rialachán seo, go háirithe faisnéis faoin méid seo a leanas:

(a) údaruithe arna ndeonú nó arna ndiúltú faoin Rialachán seo;

(b) fadhbanna maidir le sárú agus forfheidhmiúcháin, pionóis arna gcur i bhfeidhm i leith sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus breithiúnais arna dtabhairt ag na cúirteanna náisiúnta.

2. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo.

3. Ní bhainfear úsáid as aon fhaisnéis a sholáthrófar ná a gheofar i gcomhréir leis an Airteagal seo ach amháin chun na gcríoch dár soláthraíodh nó dá bhfuarthas an fhaisnéis sin, lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú.

4. Aon doiciméad atá i seilbh na Comhairle, an Choimisiúin nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") chun forfheidhmiú na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú, nó chun sárú na mbeart sin nó dul timpeall orthu a chosc, beidh sé faoi réir rúndacht ghairmiúil agus beidh an chosaint aige a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais. Beidh feidhm ag an gcosaint sin freisin maidir leis na tograí comhpháirteacha ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú agus aon doiciméad ullmhúcháin a bhaineann leo.

Glacfar leis go ndéanfaí dochar do shlándáil an Aontais nó do shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó dá gcaidrimh idirnáisiúnta dá nochtfaí na doiciméid nó tograí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.';

(12) cuirtear an tAirteagal seo isteach:

‘*Airteagal 7a*

1. Próiseálfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta chun a chúraimí faoin Rialachán seo a chur i gcrích. Áirítear ar na cúraimí sin láimhseáil faisnéise faoi thaiscí agus faisnéis faoi údaruithe arna ndeonú ag na húdaráis inniúla.

1a. Déanfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil, lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta mar a shainmhínítear in Airteagal 10(2) agus in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])*, chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear sa Rialachán seo a shainaithint, chun cabhrú leis na daoine dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo an Rialachán seo a chomhlíonadh.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ainmnítear an Coimisiún mar “rialaitheoir” de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála is gá chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur i gcrích.

3. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis forfheidhmiúcháin, údaráis chustaim de réir bhrí Rialachán (AE). Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])*, údaráis inniúla de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3])*, Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4])*, Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5])* , chomh maith leis na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2015/849 agus riarthóirí cláruithe oifigiúla ina ndéantar daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí chomh maith le maoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe a chlárú, faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus, más gá, an fhaisnéis dá dtagraítear d’Airteagal 6b(1), a phróiseáil agus a mhalartú gan mhoill le húdaráis inniúla eile sa Bhallstát céanna, leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún, más gá an phróiseáil agus an malartú sin chun cúraimí an údaráis próiseála nó an údaráis is faighteoir a thabhairt i gcrích faoin Rialachán seo, go háirithe nuair a bhraitheann siad teagmhais ina ndéantar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo a shárú, teagmhais ina dtagtar timpeall orthu, nó teagmhais ina ndéantar iarracht iad a shárú nó dul timpeall orthu. Tá an fhoráil seo gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht na faisnéise atá i seilbh údaráis bhreithiúnacha.

4. Ní dhéanfar aon phróiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6])* agus Rialachán (AE) 2018/1725, agus ach amháin a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus chun comhar éifeachtach a áirithiú idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún chomh maith maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([1])* Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CÉ (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([2])* Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

([3])* Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([4])* Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

([5])* Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).

([6])* Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).’;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(1):

‘1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla de réir mar is iomchuí, is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus féadfaidh siad féinnochtadh deonach a dhéanamh ar sháruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo

a chur san áireamh mar fhachtóir maolaitheach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta faoi seach. Déanfaidh na Ballstáit foráil freisin maidir le bearta iomchuí chun fáltais sáruithe den sórt sin a choigistiú.';

(14) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'*Airteagal 8a*

Déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann an bonn de na bearta sriantacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.';

(15) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(16) cuirtear Iarscríbhinn IV leis i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(17) cuirtear Iarscríbhinn V isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2014:

'IARSCRÍBHINN II

Liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2b

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
Caibidil 25	SALANN; SULFAR; ITHREACHA AGUS CLOCHA; ÁBHAIR PHLÁSTRÁLA, AOL AGUS STROIGHIN
Caibidil 26	MIANTA, SLAIG AGUS LUAITH
Caibidil 27	BREOSLAÍ MIANRACHA, OLAÍ MIANRACHA AGUS TÁIRGÍ DE THORADH A nDRIOGTHA; SUBSTAINTÍ BIOTÚMANACHA; CÉARACHA MIANRACHA
Caibidil 28	CEIMICEÁIN NEAMHORGÁNACHA; COMHDHÚILE ORGÁNACHA NÓ NEAMHORGÁNACHA AS MIOTAIL LÓMHARA, AS MIOTAIL TEARC-CHRÉ, AS DÚILE RADAIGHNÍOMHACHA NÓ AS ISEATÓIP
Caibidil 29	CEIMICEÁIN ORGÁNACHA
3824	Táthuithe ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíthe teilgcheártan; táirgí agus ullmhóidí ceimiceacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
3826 00	Bithdhíosal agus meascáin atá déanta as, nach bhfuil olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí bitiúmanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 70 % de na holaí sin
4011 20	Aerbhoinn nua, déanta as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe
4011 30	Aerbhoinn nua, déanta as rubar, de chineál a úsáidtear ar aerárthaí
4011 80	Aerbhoinn nua, déanta as rubar, de chineál a úsáidtear ar fheithiclí agus meaisíní talmhaíochta nó foraoiseachta
7106	Airgead (lena n-áirítear airgead atá plátáilte le hór nó le platanam), é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, sin nó ina phúdar
7107	Táirmhiotail, iad cumhdaithe le hairgead leathmhonaraithe, ach gan aon saoirsiú déanta orthu thairis sin
7108	Ór (lena n-áirítear ór atá plátáilte le platanam), é neamhshaoirsithe, nó é i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó i bhfoirm púdair
7109	Táirmhiotail nó airgead, iad cumhdaithe, gan saoirsiú breise déanta orthu thar an leathmhonarú
7110	Platanam, é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó é ina phúdar

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
7111	Táirmhiotail, airgead nó ór, cumhdaithe le platanam, leathmhonaraithe agus gan aon saoirsiú thairis sin
7112	Fuíoll agus dramhaíl déanta as miotal lómhar nó as miotal cumhdaithe le miotal lómhar; fuíollábhar agus dramhábhar eile ina bhfuil miotal lómhar nó comhdhúile miotail lómhair, de chineál a úsáidtear den chuid is mó chun an miotal lómhar a ghnóthú
Caibidil 72	Iarann agus cruach
Caibidil 73	Earraí déanta as iarann nó as cruach
Caibidil 74	Copar agus earraí déanta as copar
Caibidil 75	Nicil agus earraí déanta as nicil
Caibidil 76	Alúmanam agus earraí déanta as alúmanam
Caibidil 78	Luaidhe agus earraí déanta as luaidhe
Caibidil 79	Sinc agus earraí déanta as sinc
Caibidil 80	Stán agus earraí déanta as stán
Caibidil 81	Táirmhiotal eile; ceirméid; earraí díobh
8207	Uirlisí inmhalartaithe le haghaidh uirlisí láimhe, bídís cumhachtoibrithe nó ná bíodh, nó le haghaidh meaisín-uirlisí (mar shampla le haghaidh brú, stampáil, puinseáil, tapáil, snáithiú, druileáil, tolladh, bróisteáil, muilleáil, deileadóireacht nó tiomáint scriúnna), lena n-áirítear díslí le haghaidh miotal a tharraingt nó a easbhrú, agus uirlisí chun clocha a dhruileáil agus an talamh a tholladh
8401	Imoibreoirí núicléacha; eilimintí breosla (cartúis), nach bhfuil ionradaithe, le haghaidh imoibreoirí núicléacha; innealra agus gairis le haghaidh scaradh iseatópach
8402	Coirí a ghineann gal uisce nó gala eile (seachas coirí uisce te le haghaidh téimh lárnaigh lenar féidir gal uisce a ghiniúint faoi lagbhrú freisin); coirí uisce fhorthéite
8403	Coirí téimh lárnaigh seachas na cinn atá faoi cheannteideal 8402
8404	Gléasra cúnta le húsáid le coirí atá faoi cheannteideal 8402 nó 8403 (mar shampla, barainneoirí, forthéiteoirí, easbhainteoirí súiche, aisghabhálaithe gáis); comhdhlúthadáin gaile uisce nó córais cumhachta gaile eile
8405	Gineadóirí gáis táirgeora nó gáis uisce, lena n-íontóirí nó gan íontóirí; aicéitiléine agus gineadóirí gáis comhchosúla a úsáideann próiseas uisce, lena n-íontóirí nó gan íontóirí
8406	Tuirbíní gaile uisce agus tuirbíní gaile eile:
8407	Innill loiní dócháin inmheánaigh, frithingeacha spréachadhainte nó rothlacha

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8408	Innill loiní dócháin inmheánaigh d'adhaint chomhbhrú (innill díosail nó leathdhíosail)
8409	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid le hinnill atá faoi cheannteidil 8407 nó 8408
8410	Tuirbíní hiodrálacha, rothaí uisce, maille leis na rialtáin a ghabhann leo
8411	Innill turba-scairde, turba-liáin agus tuirbíní gáis eile
8412	Innill agus mótair eile
8413	Caidéil le haghaidh leachtanna, bídís feistithe le feiste tomhais nó ná bídís; ardaitheoirí leachta
8414	Caidéil aeir nó folúis, comhbhrúiteoirí agus gaothráin aeir nó gáis eile; cochaill aerála nó athchúrsála lena gcuimsítear gaothrán; bídís feistithe le scagairí nó ná bídís
8415	Meaisíní aerchóirithe, ina bhfuil gaothrán mótarthiomáinte agus eilimintí chun an teocht agus taise an aeir a athrú, lena n-áirítear na meaisíní nach féidir taise an aeir a rialú ann ar leithligh
8416	Dóirí foirnéise i gcomhair breosla leachtach, i gcomhair breosla soladach mionaithe nó i gcomhair gáis; stócálaithe meicniúla gona ngrátaí meicniúla, gona scaoilteoirí luatha meicniúla agus fearais chomhchosúla
8417	Foirnéisí agus oighinn thionsclaíocha, lena n-áirítear loisceoirí, neamhleictreacha
8418	Cuisneoirí, reoiteoirí agus trealamh cuisniúcháin nó reo eile, bídís leictreach nó ná bídís; caidéil teasa seachas meaisíní aerchóirithe faoi cheannteideal 8415
8419 19	Téitheoirí uisce meandracha nó stórála, neamhleictreach (seachas téitheoirí uisce gáis meandracha agus coirí nó téitheoirí uisce do théamh lárnach)
8419 40	Gléasra driogtha nó ceartaithe
8419 50	Aonaid theasmhalartaithe (seachas iad siúd a úsáidtear le coirí)
8419 89	Innealra, gléasra nó trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, le haghaidh cóireáil ábhar trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta mar théamh, cócaireacht, róstadh, steiriliú, paistéaradh, gail, triomú, galú, gal a dhéanamh, comhdhlúthú nó fuarú, nach bhfuil sonraithe aon áit eile (seachas innealra nó gléasra de chineál a úsáidtear chun críocha baile agus foirnéisí, oighinn agus trealamh eile faoin cheannteideal 8514)
8419 90	Páirteanna de threalamh, innealra agus trealamh saotharlainne, bídís téite go leictreach nó ná bídís, chun ábhair a chóireáil trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta, agus de phrapthéitheoirí nó taiscthéitheoirí uisce neamhleictreacha, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile.
8420	Meaisíní cleandrála nó meaisíní rollta eile, seachas i gcomhair miotal nó gloine, maille leis na sorcóirí a ghabhann leo

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8421	Lártheifneoirí, lena n-áirítear triomadóirí lártheifeacha; innealra agus gléasra scagacháin nó íonúcháin, i gcomhair leachtanna nó gás
8422	Miasniteoirí; innealra chun buidéil nó coimeádáin eile a ghlanadh nó a thriomú; innealra chun buidéil, cannaí, boscaí, málaí nó coimeádáin eile a líonadh, a dhúnadh, a shéalú nó a lipéadú; innealra chun buidéil, prócaí, feadáin agus coimeádáin chomhchosúla a chur i gcapsúl; innealra pacála nó clúdaithe eile (lena n-áirítear innealra teas-chrapchlúdaithe); innealra chun deochanna a aerú
8423	Innealra meáite (meánna a bhfuil íogaireacht 5 cg nó níos fearr acu as an áireamh), lena n-áirítear innill chomhairimh nó seiceála; meáchain i gcomhair meaisíní meáite de gach cineál
8424	Fearais mheicniúla (bídís oibrithe de láimh nó ná bíodh) i gcomhair leachtanna nó púdair a theilgean, a easrú nó a spraeáil; múchtóirí tine, bídís luchtaithe nó ná bídís; múchtóirí tine bídís luchtaithe nó ná bíodh; gunnaí spraeála agus fearais chomhchosúla; meaisíní gaile nó greanroiste agus meaisíní scairdteilgin comhchosúla eile
8425	Tácla agus croch ulóige seachas crocha scipe; crainn tochrais agus tochaird; seacanna
8426	Deiricí long; craenacha, lena n-áirítear craenacha cábla; frámaí tógála inaistrithe, iompróirí scaradh gabhail agus trucailí oibreacha atá feistithe le craein
8427	Trucailí ladhar-ardaitheora; trucailí oibreacha eile feistithe le trealamh ardúcháin nó láimhseála
8428	Innealra eile tógála, láimhseála, luchtaithe nó díluchtaithe (mar shampla, ardaitheoirí, staighrí creasa, iompróirí, telefeiricí)
8429	Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair, iad féinghluaiste
8430	Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; céachtaí sneachta agus séidirí sneachta
8431	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid leis an innealra atá faoi cheannteideal 8425 go 8430 amháin nó go príomha
8432	Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; rollóirí faiche nó faiche spóirt
8435	Preasanna, brúiteoirí agus innealra comhchosúil a úsáidtear i dtáirgeadh fíona, leann úll, súnna torthaí nó deochanna comhchosúla
8436	Innealra eile talmhaíochta, gortóireachta, foraoiseachta, innealra um choinneáil éanlaithe clóis nó coinneáil na mbeach lena n-áirítear gléasra péactha ar a bhfuil trealamh meicniúil nó teirmeach feistithe; goradáin agus aonaid ghoir éanlaithe clóis

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8437	Meaisíní chun síolta, grán nó glasraí léagúmacha triomaithe a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú; innealra a úsáidtear i dtionscadal na muilleála nó le gránbhairr nó glasraí léagúmacha triomaithe a oibriú, seachas innealra den chineál a úsáidtear ar fheirm
8439	Innealra le haghaidh laíon d'ábhar snáithíneach ceallúlósach a dhéanamh nó le haghaidh páipéar nó cairtchlár a dhéanamh nó a chríochnú
8440	Innealra leabharcheangail, lena n-áirítear meaisíní fuála leabhar
8441	Innealra eile le haghaidh laíon páipéir, páipéar nó cairtchlár a chóiriú, lena n-áirítear meaisíní gearrtha de gach cineál
8442	Innealra, gaireas agus trealamh (seachas na huirlisí meaisín faoi cheannteidil 8456 go 8465) le haghaidh plátaí, sorcóirí nó comhpháirteanna clódóireachta eile a ullmhú nó a dhéanamh; plátaí, sorcóirí agus comhpháirteanna priontála eile; plátaí, sorcóirí agus clocha liteagrafacha, a ullmhaítear chun priontála (mar shampla, plánáilte, gránaithe nó snasta)
8443	Innealra clódóireachta a úsáidtear i gcomhair clódóireachta le plátaí, sorcóirí agus comhpháirteanna clódóireachta eile faoi cheannteideal 8442; printéirí eile, meaisíní cóipeála agus meaisíní facs, bídís ceangailte le chéile nó ná bídís; páirteanna agus gabhálais díobh
8444 00	Meaisíní i gcomhair ábhair theicstíle de dhéantús an duine a easbhrú, a tharraingt, a uigeachtú nó a ghearradh
8445	Meaisíní chun snáithíní teicstíle a ullmhú; meaisíní sníomhacháin, dúblála nó casta agus innealra eile le haghaidh snáth teicstíle a tháirgeadh; meaisíní tochraiste nó casta teicstíle (lena n-áirítear casadh an innigh) agus meaisíní le haghaidh snáthanna teicstíle a ullmhú le húsáid ar na meaisíní faoi cheannteideal 8446 nó 8447
8447	Meaisíní cniotála, meaisíní nascála lúb agus meaisíní le haghaidh snáth galúnaithe, tulle, lása, bróidnéireachta, ciumhsóga, bréid nó eangaí agus meaisíní le haghaidh caitínithe
8448	Meaisíní cúnta le húsáid le meaisíní faoi cheannteidil 8444, 8445, 8446 nó 8447 (mar shampla, dobaithe, jacquard, stopanna uathoibríocha, meicníochtaí athraithe tointeálacha); páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach le húsáid le meaisíní faoin gceannteideal seo nó faoi cheannteidil 8444, 8445, 8446, 8447 amháin nó go príomha (lena n-áirítear fearsaidí agus eitleoirí fearsaide, cardáil éadaí, críortha, siní easbhrúite, tointeálacha, úimeacha agus frámaí úma, snáthaidí osánachta)
8449 00 00	Innealra le haghaidh feilt nó earraí neamhfhite a mhonarú nó a chríochnú sa phíosa nó i gcruthanna, lena n-áirítear innealra le hataí feilt a dhéanamh; bloic le haghaidh hataí a dhéanamh
8450	Meaisíní níocháin tí nó le haghaidh neachtlainne, lena n-áirítear meaisíní a dhéanann idir níochán agus triomú
8452	Meaisíní fuála, seachas meaisíní fuála leabhar faoi cheannteideal 8440; troscán, boinn agus clúdaigh arna ndearadh go speisialta le haghaidh meaisíní fuála; snáthaidí meaisíní fuála

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8453	Innealra le haghaidh ullmhúchán, súdaireacht nó oibriú seithí, craicne nó leathair nó le haghaidh coisbheart nó earraí eile seithí, craicne nó leathair a dhéanamh nó a dheisiú, seachas meaisíní fuála
8454	Tiontairí, ladair, múnlaí tinní agus meaisíní teilgthe, de chineál a úsáidtear sa mhiotalóireacht nó i dteilgcheártaí miotail
8455	Muilte rollta miotail maille leis na rollaí a ghabhann leo
8456	Meaisín-uirlisí le haghaidh ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint, le próisis léasair nó solais nó léis fótóin eile, léis ultrasonaigh, díluchtaithe leictrigh, leictricheimiceacha, léis leictreoin, léis ianaigh nó stua-phlasmacha; meaisíní gearrtha scaird uisce
8457	Ionaid mheaisínithe, meaisíní tógála seasta (stáisiún singil) agus meaisíní aistrithe ilstáisiúin, chun miotal a oibriú
8458	Deileanna (lena n-áirítear ionaid deileadóireachta) le miotail a bhaint
8459	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear meaisíní ceannaonaid den chineál a bhíonn ar shleamhnáin) i gcomhair druileáil, tolladh, muilleáil, snáithiú nó tapáil trí mhiotal a bhaint, seachas ar dheileanna (lena n-áirítear ionaid deileadóireachta) atá faoi cheannteideal 8458
8460	Meaisín-uirlísí le haghaidh miotal nó miotail cheirmeacha a dhíbhurrú, a fhaobhrú, a líomhadh, a mhíniú, a rádalú, a shnasú nó a chríochnú ar bhealach eile trí chlocha meilte, scríobaigh nó táirgí snasta, seachas meaisíní gearrtha giair, meilte giair nó críochnaithe giair atá faoi cheannteideal 8461
8461	Meaisín-uirlisí le haghaidh plánáil, múnlú, déanamh sliotán, bróitseáil, gearradh giair, meilt giair nó críochnú giair, sábhadh, teascadh agus uirlisí meaisín eile a oibríonn trí mhiotal nó miotail cheirmeacha a bhaint, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
8462	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear preasanna) le haghaidh miotal a shaoirsiú trína ghaibhniú, a ghreadadh nó stampáil dísle; meaisín-uirlisí (lena n-áirítear preasanna) le haghaidh miotal a shaoirsiú trí lúbadh, filleadh, díriú, leacú, fiar, puinseáil nó eangú; preasanna le haghaidh cairbídí nó cairbídí miotail a oibriú, nach sonraítear thuas
8463	Meaisín-uirlisí eile le haghaidh miotal nó miotal ceirmeach a oibriú, gan ábhar a bhaint
8464	Meaisín-uirlisí le haghaidh cloch, ceirmigh, coincréit, stroighin aispeiste nó ábhair mhianracha eile a oibriú nó le haghaidh gloine a oibriú go fuar
8465	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear meaisíní le haghaidh tairneála, stáplála, gliúála nó cóimeála eile) le haghaidh adhmad, corc, cnámh, rubar crua, plaistigh chrua nó ábhair chrua chomhchosúla a oibriú
8466	Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní faoi cheannteidil 8456 go 8465 amháin nó go príomha, lena n-áirítear coinneálaithe saothair nó uirlise, cinn dísle féinoscailte, cinn a scoilteann agus ceangaltáin speisialta eile le haghaidh uirlisí meaisín; coinneálaithe uirlise d'aon chineál uirlise le haghaidh oibriú i ngreim láimhe

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8467	Uirlisí le haghaidh oibriú i ngreim láimhe, neomatach, hiodrálach nó le mótar féinchuimsithe leictreach nó neamhleictreach
8468	Innealra agus gaireas le haghaidh sádrála, prásála nó táthaithe, bíodh sé in ann gearradh nó ná bíodh, seachas iad siúd faoi cheannteideal 8515; meaisíní agus fearais a oibríonn le gás chun faghairt a chur ar dhromchlaí
8469 00	Clóscríobháin seachas printéirí faoi cheannteideal 8443; meaisíní próiseála focal
8470	Áireamháin agus meaisíní taifeadta sonraí, atáirgthe agus taispeána de mhéid póca a bhfuil feidhmeanna ríofa acu; meaisíní cuntasaíochta; meaisíní francála poist, meaisíní eisithe ticéad agus meaisíní comhchosúla, a chuimsíonn gaireas ríofa; scipéid airgid
8471	Meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha maille leis na haonaid a ghabhann leo; léitheoirí maighnéadacha nó optúla, meaisíní chun sonraí a thras-scríobh ar mheáin sonraí i bhfoirm chódaithe agus meaisíní le haghaidh sonraí mar seo a phróiseáil, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
8472	Meaisíní oifige eile (mar shampla, meaisíní heicteagraf nó dúblála stionsail, meaisíní breactha seoltaí, dáileoirí uathoibríocha nótaí airgid, meaisíní sórtála bonn, meaisíní comhairimh nó clúdaithe bonn, meaisíní bioraithe pinn luaidhe, meaisíní bréifnithe nó stáplála)
8473	Páirteanna agus gabhálais (seachas clúdaigh, cásanna iompair agus mar sin de) atá oiriúnach le húsáid leis an innealra faoi cheannteideal 8469 go 8472 amháin nó go príomha
8474	Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra le breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú; meaisíní le haghaidh múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh
8475	Meaisíní le haghaidh lampaí, feadáin nó comhlaí nó splancbholgáin, leictreacha nó leictreonacha i gclúdaigh ghloine a chóimeáil; meaisíní le haghaidh saoirsiú te nó monarú; a dhéanamh ar ghloine nó earraí gloine
8476	Meaisíní díola earraí uathoibríocha (mar shampla, stampaí poist, toitíní, bia nó deochanna), lena n-áirítear meaisíní sóinseála airgid
8477	Innealra le haghaidh rubar nó plaistigh a shaoirsiú le haghaidh táirgí a dhéanamh as na hábhair seo, nach bhfuil sonraithe nó san áireamh in aon áit eile sa Chaibidil
8478	Innealra le haghaidh tobac a ullmhú nó a chóiriú nach bhfuil sonraithe nó san áireamh in aon áit eile sa Chabidil seo
8479	Meaisíní agus fearais mheicniúla a bhfuil feidhmeanna ar leith acu nach bhfuil sonraithe, nó nach bhfuil san áireamh in aon áit eile sa Chaibidil seo
8480	Boscaí múnlála le haghaidh teilgcheárta miotail; boinn múnla; patrúin mhúnla; múnlaí le haghaidh miotail (seachas múnlaigh tinní), cairbídí miotail, gloine, ábhair mhionracha, rubar nó plaistigh

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8481	Sconnaí, cocaí agus fearais eile le haghaidh píopaí, blaoscanna coire, umair, dabhcha nó a leithéidí, lena n-áirítear comhlaí laghdaithe brú agus comhlaí rialaithe teasa
8482	Imthacaí gránacha nó rollacha
8483	Fearsaidí tarchuir (lena n-áirítear ceamfhearsaidí agus cromfhearsaidí) agus cromáin; cásálacha imthacaí agus imthaca loma fearsaide; giair agus giaráil; gránscriúnna nó rollscriúnna; giarbhoscaí agus athraitheoirí luais eile, lena n-áirítear tiontairí casmhóiminte; rothaí lústair agus ulóga, lena n-áirítear bloic ulóige; crága agus cúpláin fearsaide (lena n-áirítear ailt uilíocha)
8484	Gaiscéid agus ailt chomhchosúla leathánra mhiotail comhcheangailte le hábhar eile nó a bhfuil dhá shraith miotail ann nó níos mó; foirne nó ilchnuasaigh gaiscéad agus alt comhchosúil, a bhfuil comhdhéanamh neamhchosúil acu, curtha i máilíní, i gclúdaigh nó i bpacáil comhchosúil; séalaí meicniúla
8486	Meaisíní agus gléasra de chineál a úsáidtear go príomha le haghaidh peileanna nó sliseoga leathsheoltóirí, gairis leathsheoltóirí, ciorcaid leictreonacha chomhtháite nó taispeáintí painéil chothrom a mhonarú, nó chuige sin amháin; Meaisíní agus gléasra a shonraítear i nóta 11(C) a ghabhann leis an gCaibidil seo; páirteanna agus gabhálais
8487	Páirteanna innealra, nach bhfuil seoláin leictreonacha, inslitheoirí, corna, tadhaill nó gnéithe leictreonacha eile iontu, nach bhfuil sonraithe ná áirithe sa Chaibidil seo
8501	Mótair leictreacha agus gineadóirí (seachas foirne ginte)
8502	Foirne ginte leictreachais agus tiontairí rothlacha
8503	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid le mótair agus gineadóirí leictreacha, le tacair ginte leictreachais nó le tiontairí rothlacha nach bhfuil sonraithe in aon áit eile, agus le húsáid leo sin amháin nó go príomha
8504	Claochladáin leictreacha, tiontairí statacha (mar shampla, coigeartóirí) agus ionduchtóirí; páirteanna díobh
8505	Leictreamaighnéid (seachas chun críche úsáide leighis); buanmhaighnéid agus earraí arna gceapadh le bheith ina mbuanmhaighnéid tar éis iad a mhaighnéadú; smutáin, clampaí agus gairis coinneála comhchosúla leictreamaighnéadacha nó buanmhaighnéadacha; cúpláin, crága agus coscáin leictreamaighnéadacha; cinn tógála leictreamaighnéadacha; páirteanna díobh
8507	Taisc-chealla leictreacha, lena n-áirítear na scarthóirí a ghabhann leo, bídís cearnógach nó dronuilleogach nó ná bídís; páirteanna díobh (gan iad sin atá caite ná iad sin atá déanta as rubar neamhchruaite nó as teicstílí neamhchruaite a áireamh)
8511	Fearais adhainte nó tosaithe leictreacha de chineál a úsáidtear le hinnill dócháin inmheánaigh lena mbaineann spréach-adhaint nó brú-adhaint (mar shampla, maignéatónna adhainte, maignéató-dineamónna, cornaí adhainte, spréachphlocóidí agus plocóidí téitheora, mótair dúisithe); gineadóirí (mar shampla, dineamónna, ailtéarnóirí) agus gearrthóga de chineál a úsáidtear i gcomhpháirt le hinnill mar seo; páirteanna díobh

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8514	Foirnéisí agus oighinn leictreacha tionsclaíochta nó saotharlainne (lena n-áirítear iad siúd a fheidhmíonn trí ionduchtú nó caillteanas tréleictreach); trealamh tionsclaíochta nó saotharlainne eile le haghaidh cóireáil teasa ábhar trí ionduchtú nó caillteanas tréleictreach; páirteanna díobh
8515	Meaisíní leictreacha agus gléasra leictreach (lena n-áirítear gás a théitear go leictreach), léasair nó léis solais nó fótóin eile, ultrasonacha, bíogtha maighnéadaigh nó sádrála stua-phlasmaí, brásála nó táthúcháin, bídís ábalta gearradh nó ná bídís; meaisíní agus gairis leictreacha le haghaidh spraeáil the miotal, cairbídí miotail nó miotail cheirmeacha; páirteanna díobh (seachas gunnaí chun ábhair the a spraeáil)
8517	Gléasra teileafóin, lena n-áirítear teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang; gaireas le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a fháil, lena n-áirítear gaireas le haghaidh cumarsáide i líonra le sreang nó gan sreang (lena n-áirítear líonra achair logánta nó líonra achair fhairsing), seachas gaireas tarchurtha nó fála faoi cheannteideal 8443, 8525, 8527 nó 8528
8525	Gairis tarchurtha le haghaidh craoltóireacht raidió nó teilifíse, bíodh gaireas glactha nó gaireas taifeadta nó atáirgthe fuaime mar chuid díobh nó ná bíodh; ceamaraí teilifíse, ceamaraí digiteacha agus fístaifeadáin cheamara
8526	Gléasra radair, gléasra cúnta radloingseoireachta agus gléasra cianrialaithe raidió
8527	Gléasra glactha le haghaidh craoladh raidió, bíodh gléasra taifeadta nó atáirgthe fuaime nó clog comhcheangailte, sa chásáil chéanna, nó ná bíodh
8528	Monatóirí agus teilgeoirí nach gcuimsíonn gléasra glactha teilifíse; gléasra glactha le haghaidh teilifíse, bíodh glacadóir craolta raidió nó gléasra taifeadta nó atáirgthe fuaime nó físe ann nó ná bíodh
8529	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid leis an ngléasra atá faoi cheannteidil 8525 go 8528 amháin nó leo siúd go príomha
8530	Trealamh comharthaíochta, slándála nó rialaithe tráchta leictreach d'iarnróid, trambhealaí, bóithre, uiscebhealaí intíre, saoráidí páirceála, fearais chalafoirt nó aerpháirceanna; páirteanna díobh (seachas trealamh meicniúil nó leictrimheicniúil faoi cheannteideal 8608)
8531	Gairis leictreacha chomharthaíochta fuaime nó físe; páirteanna díobh (mar shampla, cloig, bonnáin, painéil táscaire, aláraim buirgléireachta nó tine) (seachas iad siúd le haghaidh rothar, mótarfheithiclí agus comharthaíocht tráchta)
8532	Toilleoirí leictreacha, seasta, inathraithe nó inchoigeartaithe (réamhshocraithe); páirteanna díobh
8533	Friotóirí leictreacha (lena n-áirítear réastait agus poitéinsiméadair), seachas friotóirí téimh; páirteanna díobh
8534	Ciorcaid phriontáilte

Caibidil/Cód AC ([1])	Tuairisc ar an táirge
8535	Gléasra leictreonach le haghaidh ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó le haghaidh naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (mar shampla, lasca, fiúsanna, coscairí tintrí, teorantóirí voltais, sochtóirí borrtha, plocóidí agus nascóirí eile, comhchumair), le haghaidh voltas níos mó ná 1 000 V (seachas deasca rialaithe, caibinéid rialaithe, painéil rialaithe, etc. faoi cheannteideal 8537)
8536	Gléasra leictreonach le haghaidh ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó le haghaidh naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (mar shampla, lasca, athsheachadáin, fiúsanna, coscaire tintrí, plocóidí, soicéid, coinneálaithe lampa, comhchumair), le haghaidh voltas nach mó ná 1 000 V (seachas deasca rialaithe, caibinéid rialaithe, painéil rialaithe, etc. faoi cheannteideal 8537)
8537	Cláir, painéil, consóil, deasca, caibinéid agus boinn eile, atá feistithe le dhá ghaireas nó níos mó faoi cheannteidil 8535 nó 8536, le haghaidh rialú leictreach nó dáileadh leictreachais, iad siúd a bhfuil uirlisí nó gairis faoi Chaibidil 90 mar chuid díobh san áireamh, agus caibinéid rialaithe uimhriúil (seachas gaireas lasctha le haghaidh teileafónaíochta líne nó teileagrafaíochta líne no le haghaidh fóin físe)
8538	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid leis an ngaireas faoi cheannteidil 8535, 8536 nó 8537 amháin nó go príomha agus nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
8539	Lampaí filiméid leictrigh nó scaoilte, lena n-áirítear aonaid lampa léis shéalaithe agus lampaí ultraivialaite nó infridhearga; stua-lampaí; páirteanna díobh
8540	Comhlaí agus feadáin teirmianacha, catóide fuaire nó fótacatóide (mar shampla, comhlaí agus feadáin folúis nó gaile nó feadáin atá líonta le gás, comhlaí agus feadáin coigeartaithe stua-mhearcair, feadáin gha-chatóideacha, feadáin le haghaidh ceamaraí teilifíse); páirteanna díobh
8541	Dé-óidí, trasraitheoirí agus gléasanna leathsheoltóra eile; Gairis leathsheoltóra fótamhothálacha, lena n-áirítear cealla fótavoltacha bídís cóimeáilte ina módúil nó cóirithe ina bpainéil nó ná bídís (gan gineadóirí fótavoltacha a áireamh); dé-óidí astaithe solais, criostail phísileictreacha shuite; páirteanna díobh
8542	Ciorcaid leictreonacha iomlánaithe; páirteanna díobh
8543	Meaisíní agus gléasra leictreonach a bhfuil feidhmeanna ar leith acu nach bhfuil sonraithe in aon áit eile i gCaibidil 85; páirteanna díobh
8544	Sreang inslithe (cruanta nó anóidithe san áireamh), cábla inslithe (cábla comhaiseach san áireamh) agus seoltóirí leictreacha inslithe eile, bíodh nascóirí feistithe díobh nó ná bíodh; cáblaí snáithín optúil, déanta de shnáithíní i dtruaillí ar leith, bídís cóimeáilte le seoltóirí leictreacha nó feistithe le nascóirí nó ná bídís
8545	Leictreoidí carbóin, scuaba carbóin, carbóin le haghaidh lampaí nó ceallraí agus earraí eile graifíte nó carbóin eile, le miotal nó gan é, de chineál a úsáidtear chun críocha leictreacha
8546	Inslitheoirí leictreacha atá déanta as aon ábhar (seachas feistis inslithe)
8547	Feistis inslithe le haghaidh meaisíní leictreacha, fearais nó trealamh, ar feistis iad nach bhfuil iontu ach ábhar inslithe seachas aon mhion-chomhpháirt miotail (mar shampla, soicéid snáithithe) a cuireadh san áireamh le linn a mhúnlaithe chun críocha cóimeála amháin, seachas inslitheoirí faoi cheannteideal 8546; feadánra seolphíobáin leictreach agus ailt dóibh, de tháirmhiotal líneáilte le hábhar inslithe

Caibidil/Cód AC ([1])	Tuairisc ar an táirge
8548	Páirteanna leictreacha d'innealra nó de ghléasra, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile i gCaibidil 85
8549	Dramh agus bruscar leictreach agus leictreonach
Caibidil 86	Innill iarnróid nó trambhealaigh, rothstoc agus páirteanna díobh; daingneáin agus feistis riain iarnróid nó trambhealaigh agus páirteanna díobh; trealamh meicniúil (lena n-áirítear trealamh leictrimeicniúil) comharthaíochta tráchta de gach cineál
8701	Tarracóirí (seachas tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709)
8702	Mótarfheithiclí chun deichniúr nó níos mó a iompar, an tiománaí san áireamh
8703 10	Feithiclí chun <10 nduine a iompar ar an sneachta; cairríní gailf agus feithiclí comhchosúla
Ex 8703 23	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, nach bhfuil iontu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh spréach-adhainte frithingeacha a bhfuil toilleadh sorcóra > 1 900 cm^3 ach <= 3 000 cm^3 aige (gan otharcharranna a áireamh)
Ex 8703 24	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, nach bhfuil iontu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh spréach-adhainte frithingeacha a bhfuil toilleadh sorcóra > 3 000 cm^3 aige (gan otharcharranna a áireamh)
Ex 8703 32	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, nach bhfuil iontu ach inneall díosail a bhfuil toilleadh sorcóra > 1 900 cm^3 ach <= 2 500 cm^3 aige (gan otharcharranna a áireamh)
Ex 8703 33	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, nach bhfuil iontu ach inneall díosail a bhfuil toilleadh sorcóra > 2 500 cm^3 aige (gan otharcharranna a áireamh)
8703 40	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh spréach-adhainte frithingeacha agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána (seachas feithiclí hibrideacha inluchtaithe)
8703 50	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, ina bhfuil inneall díosail agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána (seachas feithiclí hibrideacha inluchtaithe)
8703 60	Mótarfheithiclí agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh spréach-adhainte frithingeacha agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána, is féidir a luchtú trína gceangal le foinse seachtrach cumhachta leictreachais
8703 70	Mótarfheithiclí agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, ina bhfuil inneall díosail agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána, is féidir a luchtú trína gceangal le foinse seachtrach cumhachta leictreachais

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
8703 80	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, nach bhfuil iontu ach mótar leictreach le haghaidh tiomána
8703 90	Gluaisteáin agus feithiclí eile arna ndearadh go príomha chun < 10 nduine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta, a bhfuil innill iontu seachas inneall dócháin inmheánaigh frithingeach nó mótar leictreach
8704	Mótarfheithiclí chun earraí a iompar
8705	Mótarfheithiclí sainchuspóireacha, seachas iad siúd atá ceaptha go príomha chun daoine nó earraí a iompar (mar shampla, leoraithe deisithe, leoraithe craenach, feithiclí comhraicthe dóiteáin, leoraithe measctha coincréite, leoraithe scuabadóra bóthair, leoraithe spraeála, ceardlanna taistil, aonaid raideolaíocha taistil):
8706 00	Fonnaí a bhfuil inneall feistithe iontu, do na mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705
8708 99	Páirteanna agus gabhálais de na mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705 (tarracóirí, mótarfheithiclí chun deichniúr nó níos mó a iompar, carranna agus mótarfheithiclí eile a dearadh go príomha chun daoine a iompar, mótarfheithiclí chun earraí a iompar agus mótarfheithiclí sainchuspóireacha) nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
8709	Trucailí monarchan, de chineál féinghluaiste, nach bhfuil trealamh tógála nó láimhseála feistithe orthu, den chineál a úsáidtear i monarchana, trádstórais, limistéir duganna nó aerfoirt do ghearriompar earraí; tarracóirí den chineál a úsáidtear ar ardáin stáisiúin iarnróid; páirteanna de na feithiclí thuasluaite
8710 00 00	Tancanna agus feithiclí troda armúrtha eile, de chineál mótarthrealmhaithe, bíodh airm feistithe iontu nó ná bíodh, agus páirteanna díobh
8716	Leantóirí agus leathleantóirí; feithiclí eile, nach feithiclí innealltiomáinte iad; páirteanna díobh
Caibidil 88	Aerárthaí, spásárthaí, agus páirteanna díobh
Caibidil 89	Longa, báid agus déanmhais shnámhacha
9013	Gléasanna leachtchriostail nach earraí iad dá bhforáiltear ar shlí níos sonraí faoi cheannteidil eile; léasair seachas dé-óid léasair; fearais agus ionstraimí optúla eile nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áiteanna eile i gCaibidil 90 den AC
9014	Compáis threo-aimsithe; ionstraimí agus fearais loingseoireachta eile:
9015	Suirbhéireacht (lena n-áirítear suirbhéireacht fhótaghram-mhéadrach), uirlisí agus fearais hidreagrafacha, aigéaneolaíocha, hidreolaíocha, mheitéareolaíocha nó gheoifisiceacha, gan compáis a áireamh; raonaimsitheoirí
9025	Hidriméadair agus uirlisí comhchosúla a bhíonn ar snámh ar uisce, teirmiméadair, piriméadair, baraiméadair, taismhéadair agus sícriméadair, arb uirlisí iad is féidir nó nach féidir a úsáid le taifeadadh, agus aon mheascán de na huirlisí sin

Caibidil/Cód AC [1]	Tuairisc ar an táirge
9026	Uirlisí agus gléasra chun sreabhadh, leibhéal, brú nó athróga eile leachtanna nó gás a thomhas nó a sheiceáil (sreabhmhéadair, tomhsairí leibhéil, manaiméadair, méadair teasa, mar shampla), gan na huirlisí agus na gléasra a áireamh atá faoi cheannteidil 9014, 9015, 9028 nó 9032
9027	Ionstraimí agus gléasra le haghaidh anailís fhisiceach nó cheimiceach (mar shampla, polaraiméadair, athraonmhéadair, speictriméadair, gléasra anailíse gáis nó deataigh); uirlisí agus gléasra chun slaodacht, póiriúlacht, méadú, teannas dromchla nó a leithéidí a thomhas nó a sheiceáil; uirlisí agus gléasra chun cainníochtaí teasa, fuaime nó solais a thomhas nó a sheiceáil (lena n-áirítear nochtmhéadair); micreatóim
9028	Méadar soláthair nó táirgeachta gáis, leachta nó leictreachais, lena n-áirítear méadair chalabraithe díobh
9029	Áiritheoirí imrothlúcháin, áiritheoirí táirgeachta, tacsaiméadair, odaiméadair, peidiméadair agus a leithéidí; táscairí luais agus tacóiméadair, seachas iad siúd faoi cheannteidil 9014 nó 9015; stróbascóip
9030	Ascaloscóip, anailíseoirí speictrim agus ionstraimí agus gairis eile chun cainníochtaí leictreachais a thomhas nó a sheiceáil, seachas na méadair faoi cheannteideal 9028; uirlisí agus gléasra chun radaíocht ianúcháin alfa, béite, gáma, X-ghathach, chosmach nó radaíocht ianúcháin eile a thomhas nó a bhrath
9031	Ionstraimí, fearais nó meaisíní tomhais nó seiceála nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile sa Chaididil seo; teilgeoirí próifíle:
9032	Uirlisí uathoibríocha agus gairis uathoibríocha rialála nó rialaithe
9033	Páirteanna agus gabhálais (nach bhfuil sonraithe ná áirithe aon áit eile sa Chaibidil seo) do mheaisíní, fearais, uirlisí nó gairis atá faoin gCaibidil seo
Caibidil 98	Gléasra iomlán tionscail

[1] Foilsítear an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) gach bliain mar Iarscríbhinn nuashonraithe a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj). Tagairtí san iarscríbhinn seo do "caibidil" nó do "caibidlí", is tagairtí iad do na caibidlí comhfhreagracha den AC'.

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an iarscríbhinn seo a leanas le Rialachán (AE) Uimh. 692/2014:

'IARSCRÍBHINN IV

Liosta bogearraí dá dtagraítear in Airteagal 2c(2b)

Bogearraí chun fiontair a bhainistiú, i.e. córais a dhéanann ionadaíocht dhigiteach ar na próisis go léir a tharlaíonn i bhfiontar agus a stiúrann iad, lena n-áirítear:

— pleanáil acmhainní fiontraíochta (PAF),

— bainistíocht caidreamh custaiméirí (CRM),

— faisnéis ghnó (FG),

— bainistiú an tslabhra soláthair (BSS),

— stóras sonraí fiontair (SSF),

— córas bainistíochta cothabhála ríomhairithe (CBCR),

— bogearraí bainistíochta tionscadal,

— bainistíocht saolré táirge (BST),

— comhpháirteanna tipiciúla de na sraitheanna thuasluaite, lena n-áirítear bogearraí le haghaidh cuntasaíochta, bainistiú flíteanna, lóistíochta agus acmhainní daonna.

Bogearraí Dearaidh agus Monaraíochta a úsáidtear i réimsí na hailtireachta, na hinnealtóireachta, na tógála, na monaraíochta, na meán, an oideachais agus na siamsaíochta, lena n-áirítear:

— samhaltú faisnéise foirgneamh (SFF),

— dearadh ríomhchuidithe (DRC),

— monaraíocht ríomhchuidithe (MRC),

— innealtóireacht le hordú (IO),

— comhpháirteanna tipiciúla de na sraitheanna thuasluaite.'.

IARSCRÍBHINN III

Cuirtear an iarscríbhinn seo a leanas le Rialachán (AE) Uimh. 692/2014:

'IARSCRÍBHINN V

Liosta na dtíortha dá dtagraítear in Airteagal 2aa, mír 2, pointe (c).

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ
AN tSEAPÁIN
AN RÍOCHT AONTAITHE
AN CHÓIRÉ THEAS
AN ASTRÁIL
CEANADA
AN NUA-SHÉALAINN
AN IORUA
AN EILVÉIS
LICHTINSTÉIN
AN ÍOSLAINN'.